2024/2512

25.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2512 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Aibreán 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, a mhéid a bhaineann le haigéad behéineach ó shíolta mustaird atá le húsáid i monarú eiblitheoirí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, bunaítear liosta substaintí nó táirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí i ndaoine soghabhálacha agus dá bhrí sin, tá an fhaisnéis maidir lena láithreacht i mbia le soláthar don tomhaltóir i gcónaí i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(2) Chun tomhaltóirí a chosaint ar ailléirginí bia nua agus chun oibleagáidí neamhriachtanacha a sheachaint maidir le faisnéis bhia a soláthar, féadfar Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta trí shubstaintí a chur leis an liosta nó substaintí a bhaint den liosta sin i gcás nach bhfuil sé suite go heolaíoch nach dócha go spreagfadh siad frithghníomhuithe díobhálacha i ndaoine soghabhálacha.

(3) Chuige sin, féadfar páirtithe leasmhara féideartha fianaise an Choimisiúin a chur in iúl, ar faisnéis í lena suitear nach dócha, faoi choinníollacha áirithe, go spreagfadh táirgí a dhéantar as na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II frithghníomhuithe díobhálacha i ndaoine.

(4) Mar chuid den athscrúdú faoi Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus i gcomhréir le hAirteagal 29(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') a thuairim a thabhairt maidir leis an dóchúlacht go spreagfadh iontógáil aigéid bhehéinigh a tháirgtear as síolta mustaird agus a úsáidtear, faoi choinníollacha sonracha, i monarú na n-eiblitheoirí E 470a salainn sóidiam, photaisiam agus chailciam d'aigéid shailleacha, E 471 monai- agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha agus E 477 eistir phrópán-1,2- dé-óil d'aigéid shailleacha fhrithghníomhuithe, frithghníomhuithe díobhálacha i ndaoine soghabhálacha.

(5) An 25 Deireadh Fómhair 2016, ghlac ant Údarás tuairim eolaíoch ([2]) lenar thángthas ar an gconclúid nach dócha go spreagfaí frithghníomhú ailléirgeach i ndaoine soghabhálacha (daoine a bhfuil ailléirge orthu le mustard) dá dtomhlófaí bianna ina bhfuil eiblitheoirí a mhonaraítear ag úsáid aigéad behéineach ó shíolta mustaird (E 470a, E 471 agus E 477) tríd an mbéal faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe (i.e., aigéad behéineach ag a bhfuil íonacht 85 % ar a laghad agus a fhaightear i ndiaidh dhá chéim dhriogtha).

([1]) IO L 304, 22.11.2011, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1169/oj.

([2]) Tuairim Eolaíoch maidir le fógra ó DuPont Nutrition Biosciences Aps faoi aigéad behéineach ó shíolta mustaird atá le húsáid i monarú eiblitheoirí áirithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 — le haghaidh díolúine bhuan ó lipéadú. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2016;14(11):4631, 14 lgh. doi:10.2903/j.efsa.2016.4631.

(6) I bhfianaise na n-ábhar imní a chuir Ballstát amháin in iúl a mhéid a bhaineann le nochtadh laethúil do na substaintí atá i gceist agus leis an dáileog phróitéine a spreagann frithghníomhuithe ailléirgeacha i ndaoine a bhfuil ailléirge orthu le mustard, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairim eolaíoch uaidh ó 2016 agus, más gá, í a thabhairt cothrom le dáta.

(7) An 25 Meán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an tÚdarás an dara tuairim eolaíoch uaidh ([3]) inar thángthas ar an gconclúid, bunaithe ar an bhfaisnéis agus na sonraí atá ar fáil, nach dócha (dóchúlacht ≤ 1 %) go spreagfaí frithghníomhú ailléirgeach i ndaoine a bhfuil ailléirge orthu le mustard dá dtomhlófaí eiblitheoirí a mhonaraítear ag úsáid aigéad behéineach ó shíolta mustard (E470a, E471 agus E477) faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe.

(8) Ar bhonn na gconclúidí sin, maidir leis na heiblitheoirí a mhonaraítear trí úsáid a bhaint as aigéad behéineach ó shíolta mustaird (E 470a, E 471 agus E 477), is iomchuí gan iad a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 a leasú dá réir sin.

(10) Chun aistriú rianúil chuig na rialacha nua a chumasú d'oibreoirí gnó bia, ba cheart bearta idirthréimhseacha iomchuí a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011:

'10. Mustard agus táirgí a rinneadh as, seachas an méid seo a leanas:

aigéad behéineach ag a bhfuil íonacht 85 % ar a laghad agus a fhaightear i ndiaidh dhá chéim dhriogtha a úsáidtear i monarú na n-eiblitheoirí E 470a, E 471 agus E 477;'.

Airteagal 2

Féadfar bianna a chuirtear ar an margadh go dleathach nó a lipéadaítear roimh an 1 Aibreán 2025 nach gcomhlíonann an Rialachán seo fanacht ar an margadh go dtí go n-ídeofar stoic na mbianna sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Athmheastóireacht ar aigéad behéineach ó shíolta mustaird atá le húsáid i ndéanamh eiblitheoirí áirithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 — le haghaidh díolúine bhuan ó lipéadú. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(9), 1–27. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8240.